Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14363/18**

**FISC 480**
**ECOFIN 1058**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Conclúidí ón gComhairle<br>= Glacadh |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 14 Samhain 2018, chomhaontaigh an Mheitheal um an gCód Iompair tuarascáil dul chun cinn uaithi a chur faoi bhráid na Comhairle (14364/18 FISC 481 ECOFIN 1059 + ADDs 1 go 15) agus na dréachtchonclúidí, a ghabhann leis an tuarascáil sin, a leagtar amach thíos:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na hOstaire mar a leagtar amach é sa tuarascáil (14364/18), go háirithe i dtaca le faireachán a dhéanamh ar na gealltanais ardleibhéil pholaitíochta a thug dlínsí i gcomhthéacs chleachtas liostaithe an Aontais;

2. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair faoin bpacáiste oibre ilbhliantúil (10420/18);

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI Á THABHAIRT DÁ hAIRE na tionscnaimh éagsúla a rinne an Mheitheal chun infheictheacht a cuid oibre agus an trédhearcacht a mhéadú;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe gur foilsíodh na tuairiscí comhaontaithe agus na measúnuithe críochnaitheacha ar na córais fhabhracha a scrúdaigh an Mheitheal, lena n-áirítear dlínsí a scagadh maidir le córais in 2017 a ndearna an Mheitheal faireachán orthu;

5. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus an rollta siar, arna gcomhaontú ag an Meitheal;

6. IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI A THABHAIRT DÁ hAIRE an dul chun cinn a rinneadh maidir le córais ticbhoscaí paitinní na mBallstát a ailíniú le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe agus ÁITÍONN sí ar an t-aon Bhallstát nach bhfuil seo déanta go fóill aige an cur chuige sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na bliana 2018;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI tabhairt chun críche an mheasúnaithe ar na Ballstáit maidir le córais asbhainte úis bharúlaigh agus IARRANN SÍ ar an Meitheal chun treoir a fhorbairt do Bhallstáit eile ar mhian leo córas den chineál céanna a chur chun feidhme;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal an plé a thabhairt chun críche, i dtaca le tuilleadh bearta cosanta comhordaithe, i réimse na cánach i gcoinne dlínsí neamhchomhoibríocha, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta;

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a baineadh amach i dtaca leis na critéir a bheidh ann amach anseo, eadhon critéar 1.4 (faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a mhalartú) agus freisin IARRANN SÍ ar an Meitheal an plé a thabhairt chun críche maidir leis an tsaincheist seo;

11. FORMHUINÍONN SÍ an dréacht-treoir maidir le cur chun feidhme chritéar 3.2, a leagtar amach in Iarscríbhinn 3, a ghabhann leis an tuarascáil seo;

12. FORMHUINÍONN SÍ an síneadh le raon feidhme geografach chleachtas scagtha agus liostaithe an Aontais ó 2020 ar aghaidh, arna chomhaontú ag an Meitheal;

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na saincheisteanna nós imeachta agus polaitiúla a tharraing dlínsí anuas nuair a bhíothas i mbun faireacháin ar chur chun feidhme a ngealltanas ardleibhéil polaitiúil;

14. ÁITÍONN SÍ ar na dlínsí lena mbaineann a ngealltanais faoi seach a chomhlíonadh i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS a tiomantas do nuashonrú a dhéanamh ar liosta an Aontais de dhlínsí neamhchomhoibríocha chun críocha cánach ag tús na bliana 2019;

16. ÁITÍONN SÍ ar na dlínsí sin nár thug freagra go fóill toiliú dá litreacha gealltanais a fhoilsiú d'fhonn trédhearcacht an phróisis a áirithiú;

17. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Rómáine."

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an tuarascáil (14364/18 FISC 481 ECOFIN 1059 + ADDs 1-15) a chur chuig an gComhairle i dteannta na gconclúidí mar a leagtar amach thuas;

– a mholadh don Chomhairle an tuarascáil a fhormhuiniú agus na conclúidí a ghlacadh mar mhíreanna "A" ar a clár oibre.